BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

# PRINCIPAL
# St. Conleth's Community College, Newbridge, Co. Kildare

## Category XVII

Tá iarratais á lorg ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin ag lorg iarratas ó dhaoine leis na cáilíochtaí cuí don phost mar Phríomhoide, St. Conleth's Community College, Newbridge, Co. Kildare.

Is í seo scoil lán chomhoideachais is tá 753 daltaí ag freastal air an 30 Meán Fómhair 2025.
Tá an post seo i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2026.

Le bheith cáilithe don cheapachán seo ní mór d'iarrthóirí na cáilíochtaí seo thíos a bheith acu.

- Cáilíocht aitheanta sa mhúinteoireacht iar-bhunscoile.
- Cúig bliana de thaithí shásúil mhúinteoireachta.
- Bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta de réir ailt 30 de Acht na Comhairle Mhúinteoireachta 2001.

Chomh maith leis sin ba chóir go mbeadh na cáilíochtaí seo a leanas ag iarrthóirí:

- Ceannaireacht éifeachtach agus scileanna láidre bainistíochta
- Sár-scileanna idirphearsanta
- Cumas pleanála, eagraíochta agus úsáid éifeachtach acmhainní
- Eolas agus taithí chuimsitheach ar riarachán scoile
- Eolas ar nósanna reatha agus forbairtí san Oideachas

Deis spreagúil dhúshlánach atá sa phost seo chun oibriú i dtimpeallacht forásach oideachasúil ag leibhéal sinsearach bainistíochta.

Tá cáilíochtaí agus luach saothair an phoist de réir rialacháin na Roinne Oideachais.
Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil Córas Achomharc i bhfeidhm anois agus infheidhmithe do gach post Príomhoide Buan agus Príomhoide Ionaid. Féach Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0062/2021.

Gach eolas agus foirmeacha iarratais ar fail ó https://kildarewicklow.etb.ie/recruitment/current-vacancies/

Ba chóir foirm iarratais oifigiúil comhlánaithe go hiomlán a chur isteach trí ríomhphost chuig porrecruitment@kwetb.ie **Déardaoin an 2 Aibreán 2026 tráth nach déanaí ná 12 meán lae.**

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil an fhreagracht ar an iarratasóir a chinntiú go bhfaightear gach iarratas in am. Ní bheidh an KWETB freagrach as aon deacrachtaí teicniúla a bhíonn ag an seoltóir agus é ag cur iarratais isteach.

- Cuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fail
- Ní ghlacfar le hiarratais a sháraíonn an spriocdháta
- Ní cuirfear aon iarratas ar an ngearrliosta mura bhfuil an foirm iarratais líonta ina hiomlán

- Dícháileofar go huathoibríoch é canbhasáil a dhéanann an t-iarratasóir nó thar ceann an iarratasóra

**Ráiteas um Chóiríocht Réasúnta**

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach agus thacúil a chothú do gach iarratasóir, foghlaimeoir agus ball foirne. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine aonair de gach cúlra agus cumas. Tacaímid go gníomhach le forbairt agus fostaíocht daoine faoi mhíchumas agus cuirimid éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn ar fud na heagraíochta.

I gcomhréir leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, táimid tiomanta do chinntiú go gcaitear go cothrom le hiarrthóirí faoi mhíchumas, go mbeidh an deis acu feidhmiú ar a ndícheall agus go bhfuil gach próiseas earcaíochta bunaithe ar fhiúntas. Cuirimid tacaíocht dhearfach ar fáil d'iarrthóirí a nochtann míchumas agus cinntímid go ndéantar iarratais ar shocruithe réasúnta a mheasúnú trí phróiseas comhoibríoch, trédhearcach agus a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Is éard atá i gceist le socruithe réasúnta ná coigeartuithe nó tacaíochtaí a chabhraíonn le bacainní a bhaint do dhaoine faoi mhíchumas, gan ualach díréireach a chur ar eagraíocht.

D'fhéadfadh samplaí de shocruithe réasúnta a bheith i gceist:

• Suíomhanna agallaimh inrochtana nó roghanna agallaimh ar líne a sholáthar

• Ábhair a sholáthar i bhformáidí malartacha (e.g. cló mór, Braille, nó digiteach)

• Am breise a thabhairt d'agallaimh, measúnuithe nó tástálacha

• Spásanna oibre a mhodhnú le haghaidh inrochtaineachta

• Sceidil oibre a choigeartú nó roghanna cianoibre a thairiscint

• Teicneolaíocht nó bogearraí cúnta a sholáthar

• Ateangaire teanga chomharthaíochta Gaeilge nó cúntóir pearsanta a shocrú le linn agallaimh nó oiliúna

Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun cóiríocht réasúnta a iarraidh, déan teagmháil le niamhtormey@kwetb.ie le do thoil  chun comhrá rúnda a shocrú le ball dár bhfoireann. Déileálfar le gach iarratas le híogaireacht agus rúndacht.

**Dr Deirdre Keyes, Chief Executive.**
KWETB, Kildare Office, Chestnut House, Millennium Park, Osberstown, Naas, Co. Kildare, W91 FH6T